# Ceolchoirm

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • labhairt ar na hábhair agus an trealamh atá ar fáil le gníomhaíocht a dhéanamh agus iad a úsáid<br>• eagar a léiriú ina gcuid oibre praiticiúla<br>• teanga chuí mhatamaiticiúil a úsáid le ceisteanna a fhreagairt faoina gcuid oibre |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | cearnóg, ciorcal, triantán, dronuilleog, rothlú, slios, díreach, cuartha, cuar, uillinn, coirnéal, uirlisí ceoil, ceoltóir |
| **Áiseanna** | páipéar gumaithe, siosúr, grianghraif d'uirlisí, Uirlis Sórtála Mol Mata |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Agus an Uirlis Mol Mata in úsáid aige, taispeánfaidh an múinteoir léirithe difriúla do na cruthanna, e.g. triantán ina shuí ar a phointe agus cearnóg nach bhfuil ina shuí ar a bhonn. Iarr ar na daltaí na cruthanna a ainmniú agus cur síos a dhéanamh ar na cruthanna a fheiceann siad. Cuidigh na daltaí le haithint gur triantáin iad na polagáin thríshleasacha uilig agus gur cearnóg í cearnóg go fóill nuair a rothlaítear í.

### 2 Gníomhaíocht 2

Cuirtear na daltaí i ngrúpaí. Tugtar tacar de chearnóga ó pháipéar gumaithe de mhéideanna agus de dhathanna éagsúla do ghrúpa amháin. Tugtar tacar de dhronuilleoga/triantáin/ciorcail ó pháipéar gumaithe do ghrúpa eile. Iarrtar orthu na cruthanna gumaithe a úsáid le ceoltóir a chruthú ar bhileog mhór páipéir. Taispeánann agus labhraíonn siad faoin cheoltóir.

### 3 Gníomhaíocht 3

Taispeánfaidh an múinteoir grianghraif d'uirlisí agus úsáidfidh na daltaí cuid de na ceithre chruth/nó iad uilig le huirlis do gach ceoltóir a chruthóidh siad a roghnú. Fiosróidh na daltaí an dóigh a dtéann cruthanna éagsúla le chéile lena bheith cosúil leis an uirlis.

### 4 Gníomhaíocht 4

Úsáidfidh na daltaí an Uirlis Sórtála lena gcuid uirlisí a athchruthú. Spreagfaidh an múinteoir na daltaí lena gcruthanna a rothlú leis an uirlis a athchruthú. Déanfaidh na daltaí cur síos ar a gcuid uirlisí agus iad a chur i láthair don rang, ainmneacha na gcruthanna agus a gcuid airíonna in úsáid acu.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá mhéad cineál crutha difriúil a d'úsáid tú?<br>• Má bhain tú úsáid as triantáin, an raibh siad uilig mar an gcéanna? | • Inis dom cad chuige ar roghnaigh tú na cruthanna seo.<br>• Dá gcruthófá an uirlis chéanna arís, cad é a d'athrófá? Cad chuige?<br>• An bhfuil teaglaim eile de chruthanna a thig leat a úsáid le cuid ar leith den uirlis a dhéanamh?<br>• Cad é a tharlódh mura mbeadh ciorcail agat?<br>• An dtig leat smaoineamh ar dhóigh níos fearr leis an uirlis/cheoltóir a dhearadh/a thógáil? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Laghdaigh líon na gcruthanna gumaithe más gá. Cuir na daltaí i mbeirteanna faoi choinne tacaíocht sa bhreis.